2026/1214

3.9.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1214 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meitheamh 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha chun tástáil a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, i ndáil lena n-astaíochtaí agus le marthanacht a gceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1), pointe (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 le haghaidh na gcoinníollacha chun tástáil a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin (Tábla 4). Sa tábla sin, maidir leis na dálaí tástála le haghaidh feithiclí saothair éadroim, ceanglaítear faoi láthair tástáil i gcomhréir le Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann ([2]).

(2) Léirítear an dul chun cinn agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí sa Rialachán nua Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann ([3]). Tá siad bunaithe ar na sonraí a bailíodh agus coscáin 'Euro 7' á dtástáil, agus áirítear leo go háirithe tuilleadh comhchuibhithe agus feabhsaithe ar an timpeallacht tástála; tomhas ardchruinnis ar PM_{10}, $PM_{2.5}$, agus an líon cáithníní; tástáil teicneolaíochtaí nua amhail coscáin atá feistithe le scagairí éighníomhacha nó gníomhacha laghdaithe astaíochtaí agus ríomh astaíochtaí coscáin don fheithicil ina hiomláine. Is iomchuí, dá bhrí sin, an ceanglas i dTábla 4 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 a leasú chun tagairt do Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann a chur in ionad na tagartha do Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe.

(3) Ós rud é go gcumhdaítear catagóirí feithiclí saothair éadroim go cuimsitheach le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin a Thomhas sa tSaotharlann, ba cheart an Rialachán seo a ailíniú leis chun caighdeáin a chomhchuibhiú go héifeachtach agus chun feidhm a bheith aige maidir le feithiclí de chatagóirí M_1 agus N_1, chomh maith le feithiclí Euro 7ext, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1257 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj.
([2]) ECE/TRANS/WP.29/2025/84, https://unece.org/sites/default/files/2025-06/ECE-TRANS-WP.29-2025-84e.pdf.
([3]) Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí coscáin a thomhas sa tsaotharlann [2026/1044] (IO L, 2026/1044, 18.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1044/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 4:

'Tábla 4: Coinníollacha chun tástáil a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin

	Feithiclí de chatagóirí M_1 agus N_1	Feithiclí de chatagóirí M_2, M_3, N_2 agus N_3
Tástáil astaíochtaí cáithníní ó choscáin	Tástáil i gcomhréir le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann (*)	

(*) Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí coscáin a thomhas sa tsaotharlann [2026/1044] (IO L, 2026/1044, 18.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1044/oj).'